

BIM Ireland's Seafood Development Agency

# Pacáiste eolais d'iarrthóirí

Oifigeach TFC (AOF)

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:
22nd Aibreán 2024



**Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.**

Tá cúig aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Forbartha Scileanna, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha, agus tacaíonn Cumarsáid Chorparáideach leo sin. Is i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath atá Ceannoifig BIM lonnaithe. Chun tacú leis an earnáil Bia Mara, tá foirne BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail le cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí I Co. Chorcaí, nGaillimh, agus sna Cealla Beaga. Chomh maith leis sin tá dhá choláiste oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí.

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú
- Torthaí a chur ar fáil le réitigh a bhfuil tionchar acu ar athrú a dhéanamh
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfás fadtéarmach
- An comhshaol agus an earnáil a chosaint

### Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

### Ár bhFís

Rachaimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann le rún agus le práinn chun na hathruithe atá de dhíth a aithint agus a chur chun cinn le go mbeidh an todhchaí inbhuanaithe.

### Ár Luachanna

Iontaobhas

Comhpháirtíocht

Obair Foirne

Cuimsiú

Ionracas



## Cuntas ar an Ról

| | |
|---|---|
| Teideal an phoist: | Oifigeach TFC (AOF) |
| Conradh: | Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte |
| Áit: | Ceannoifig BIM, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath<br>(Obair hibrideach faoi réir comhaontú) |
| Struchtúr Tuairiscithe: | An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáide, An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| Grúpa Seirbhíse: | Ceannasaí TFC |
| Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cuí: | Cuireann Seirbhísí Corparáide tacaíocht, pleanáil agus riarachán ar fáil a bhaineann le hAirgeadas, TFC, Acmhainní Daonna, Soláthar, Saoráidí, Seirbhísí Infheistíochta agus líonra Ice Plant laistigh de BIM. |

## Achoimre ar an Ról

Oibreoidh an tOifigeach TFC laistigh d'fhoireann TFC BIM i rannán Seirbhísí Corparáide BIM. Oibreoidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis nó léi lena chinntiú go gcuirfear na seirbhísí tacaíochta TFC ar fáil ar bhealach gairmiúil, go ndéanfar an chumarsáid leis na páirtithe leasmhara atá againn agus an chomhairle a thugtar dóibh a chothú agus a fhorbairt agus go measfar na seirbhísí arna gcur ar fáil ag an Rannóg TFC a bheith ar ardchaighdeán. Éilítear leis an ról freisin go mbainfear amach gach tionscadal/tasc laistigh de na spriocdhátaí agus go gcuirfear ar fáil iad ar an gcaighdeán agus ar an gcáilíocht cheart. Bainistíonn an té sa ról an Riarthóir TFC OF.

### Cúlra leis an riachtanas

Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le pobail agus tionscal bia mara na hÉireann lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach inbhuanaithe.

Tá ról tábhachtach ag an Rannóg TFC i BIM trí sheirbhísí agus comhairleoireacht TFC a chur ar fáil d'eagraíocht BIM. Tá an rannóg comhdhéanta d'fhoireann fhuinniúil ildisciplíneach TFC a thacaíonn le feidhmiú réidh na gcóras reatha, a chinntíonn barr feabhais i slándáil agus rialachas TFC agus a fhorbraíonn córais nua agus a chuireann i bhfeidhm iad trí réitigh nuálacha chun a sprioc straitéiseach a bhaint amach maidir le seirbhís TFC a chur ar fáil atá ar comhchéim leis an tseirbhís is fearr i Seirbhís Phoiblí na hÉireann agus a chuireann ar chumas BIM a sprioc straitéiseach a bhaint amach, is é sin an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil do Thionscal Bia Mara na hÉireann.



## Freagrachtaí

### Bainistiú Seirbhíse

- Obair a dhéanamh go dlúth le foireann soláthraithe seirbhísí bainistithe TF, a chothaíonn timpeallacht oibre chomhoibríoch lena chinntiú go bhfeidhmítear go réidh córais TFC BIM.
- Cumarsáid a dhéanamh go réamhghníomhach le húsáideoirí chun ionchais a leagan síos agus chun an seachadadh seirbhísí is éifeachtúla a chumasú.
- Anailís struchtúrtha agus cur chuige cruthaitheach a chur chun cinn i leith réiteach agus fuascailt fadhbanna.
- Cultúr cuntasachta agus trédhearcachta a chothú in oibríochtaí TF.

### Rialachas agus Slándáil

- Obair go dlúth leis an mbainisteoir TFC chun nósanna imeachta, polasaithe agus creataí rialachais TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Ceannaireacht a thabhairt maidir le próisis iniúchta TF chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas agus na rialuithe TF lena n-áirítear an réiteach ar shaincheisteanna iniúchta TFC sainaitheanta a rianú agus a thuairisciú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán ábhartha amhail GDPR agus caighdeáin rialála.
- Measúnuithe riosca TF a chomhordú agus cuidiú le straitéisí bainistithe riosca a fhorbairt.
- Príomh-mhéadrachtaí agus príomhtháscairí feidhmíochta TF a rianú agus a thuairisciú don lucht bainistíochta.
- Oiliúint a chur ar fáil don fhoireann TF agus d'fhoireann BIM maidir le polasaithe agus dea-chleachtais rialachais TF.
- Chun cuidiú a thabhairt i ndáil le tuairisciú rialachais lena n-áirítear tuairisciú SOY/EOY d'Imlitir 02 de 2016.
- A chinntiú go bhfuil aip acmhainní TFC ina taifead iomlán agus cruinn ar acmhainní crua-earraí BIM.

### Soláthar agus Bainistiú Buiséid

- Ceannaireacht a thabhairt maidir le soláthar TFC a chur i gcrích lena n-áirítear Iarrataí ar Thairiscint, Cásanna Gnó, idirghníomhaíocht leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus a creataí. A chinntiú go ndéanfar an soláthar ar fad de réir threoirlínte agus pholasaithe BIM agus na hearnála poiblí.
- Ceadúnais Bogearraí Fiontar agus athnuachaintí cothabhála bogearraí a bhainistiú.
- Caidrimh ghnó dhearfacha a bhunú agus a choinneáil le díoltóirí 3ú páirtí TFC lena n-áirítear comhlíonadh téarmaí feidhmíochta maidir le táirgí/seirbhísí ar conradh a chinntiú, aghaidh a thabhairt ar aon neamhfheidhmíocht nó neamhchomhlíonadh, mar atá leagtha amach ina gconradh, comhaontuithe ar leibhéal na seirbhíse agus/nó méadrachtaí feidhmíochta.



- Bainistiú soláthróirí éifeachtach a chur ar fáil lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar luach ar airgead, comhlíonadh comhaontuithe ar leibhéal na seirbhíse, saincheisteanna a réiteach agus sonraíochtaí tionscadal agus ráitis oibre éifeachtacha a chinntiú.
- Oibriú go dlúth le Ceannasaí TFC chun buiséid TFC bhliantúla agus tionscadail a fhorbairt.
- Monatóireacht a dhéanamh go rialta ar bhuiséad TFC, aon saincheist a thabhairt ar aird don lucht bainistíochta, agus cur i bhfeidhm na mbeart a chomhordú nuair is gá.

## Straitéis TFC agus Bainistiú Tionscadail

- Cur le fís/straitéis TFC BIM a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le fís fhoriomlán na heagraíochta.
- Tacaíocht anailísí gnó a chur ar fáil do thionscadail TFC shainaitheanta lena n-áirítear achoimrí tionscadail TF a fhorbairt lena gceadú ag an lucht ardbhainistíochta, Riachtanais a bhailiú ó pháirtithe leasmhara, plean tionscadail PMO a fhorbairt, doiciméid eile lena n-áirítear léarscáileanna sreafa próisis, measúnuithe tionchair um príobháideachas sonraí agus tuarascálacha eisiúna córais & píolótacha.
- Idirchaidreamh a dhéanamh go dlúth le rannpháirtithe tionscadail TFC chun cruinneas agus cur i gcrích rianairí cláir oibre a chinntiú, agus athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar stádas, ar dhul chun cinn agus ar aon saincheist nó dúshlán leis an gCeannasaí TFC.

## Dualgais Eile

- Dualgais ar bith eile atá laistigh de scóip agus grádú an phoist a chomhlíonadh a bhféadfadh an bainisteoir TFC nó an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha a iarraidh ort.
- Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh.



## Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Cáilíocht tríú leibhéal i ndisciplín TF nó Gnó.
- Taithí cúig bliana ar a laghad i réimse a bhaineann le hábhar.
- Ardscileanna ríomhaireachta lena n-áirítear eolas agus taithí ar úsáid feidhmchlár amhail foireann MS O365, NAV, Dynamics 365 CRM.
- Taithí léirithe ar sholáthar TF a bhainistiú trí chéimeanna saolré soláthair, san earnáil phoiblí nó a comhionann, chun comhlíonadh caighdeáin nó prótacal comhionann san earnáil phoiblí a chinntiú.
- Eolas láidir ar chreataí rialachais TF agus ar chaighdeáin tionscail agus próisis iniúchta TF a bhainistiú agus réiteach a chur ar fáil.
- Scileanna cruthaithe bainistithe tionscadal TF agus a bheith ábalta oibriú ar thionscadail iomadúla ag an am céanna agus a bheith in ann dul in oiriúint do thosaíochtaí a bhíonn ag athrú.
- Sárscileanna pleanála agus eagrúcháin agus a bheith ábalta a bheith ag obair de réir sprioc-amanna dochta agus tascanna a chur in ord tosaíochta go héifeachtach.
- Taithí ar idirghníomhú éifeachtach le réimse soláthróirí agus gníomhaireachtaí reachtúla agus neamh-reachtúla.
- Sárscileanna cumarsáide sa scríobh agus ó bhéal (Béarla).
- Taithí chruthaithe ar bheith ag obair le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara ilchineálacha chun fadhbanna a réiteach agus spriocanna coiteanna a bhaint amach.

## Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe

- Taithí ar an Earnáil Phoiblí agus ar Sholáthar na hEarnála Poiblí



| Tréithe pearsanta atá de dhíth don phost: |
| --- |
| • Fuinniúil agus iontaofa.<br>• Ábalta oibriú as do stuaim féin ach ábalta oibriú go maith mar dhuine d'fhoireann chomh maith.<br>• Inniúlacht i gcúrsaí cruinnis, aird ar mhionsonraí agus tiomantas do thorthaí ardchaighdeáin.<br>• Breithiúnas grinn agus scileanna maithe cinnteoireachta, anailíse agus fadhbréitigh.<br>• Scileanna éifeachtacha cumarsáide, agus ábalta a bheith ag obair go cáiréiseach le páirtithe leasmhara chun fadhbanna a réiteach. |

| **Teagmhálaithe:** | |
| --- | --- |
| Laistigh de BIM | • Gach ball foirne de chuid BIM.<br>• Ceannasaí TFC.<br>Foireann Seirbhísí Bainistithe agus Seirbhísí Corparáide |
| Lasmuigh de BIM | • An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara<br>• Soláthróirí.<br>• Comhpháirtithe Tionscadail.<br>• An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara. |
| Oiliúint | • Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn. |



## Téarmaí agus Sochair

### Tuarastal:

Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí do PC, le réimse tuarastail €54,764 - €68,970 (amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023) sa bhliain dáilte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

### Saoire Bhliantúil:

Is é 30 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

### Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP)

Cuireann BIM seirbhís EAP atá 100% faoi rún agus neamhspleách ar fáil trí Spectrum a chuireann comhairle ghairmiúil agus neamhchlaonta, eolas agus comhairleoireacht ar fáil ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear ceisteanna dlí, airgeadais agus sláinte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce d'fhostaithe agus tá sí ar fáil freisin do gharghaolta leat.

### Seirbhís Sláinte Ceirde

Oibríonn BIM le soláthraí seirbhíse Sláinte Ceirde neamhspleách a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil d'fhostaithe a bhfuil tinneas orthu nó riocht sláinte ag dul dóibh atá ag cur isteach ar a gcumas obair a dhéanamh.

### Aonad Fístaispeána

Is féidir le fostaithe suas go €117 a fháil ar ais ar thástáil súl.

### Taisteal agus Cothú

Íoctar costais taistil agus chothaithe le fostaithe a bhfuil orthu taisteal i gcomhréir le rátaí ceadaithe.

### Scéim Coigilteora Cánach

Is féidir le fostaithe a thaistealaíonn chuig an obair ar an gcóras iompair phoiblí leas a bhaint as Ticéad Coigilteora Cánach bliantúil chun méid suntasach airgid a shábháil ar chostais taistil.

### An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

Is féidir le fostaithe a thagann chuig an obair ar rothar nó a bhíonn ar rothar le linn cuid den turas leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.



## An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a Foirm Iarratais Folúntais BIM chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig

jobs@bim.ie

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais

22nd Aibreán 2024

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Is Grád oifigeach feidhmiúcháin níos airde agus tá Bord Iascaigh Mhara ag teacht le Samhail Inniúlachta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí Inniúlachtaí PAS

## Úsáid Sonraí

Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie

## Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara

Investors in Diversity SILVER